**Cur chuige poistphoiblí i leith úsáid na hIntleachta Saorga (IS) ag iarrthóirí**

Tá poistphoiblí ag déanamh measúnú agus monatóireacht leanúnach ar an Intleacht Shaorga (IS) agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid na IS ag iarrthóirí inár bpróisis earcaíochta, mheasúnaithe agus roghnúcháin. Tá ár gcur chuige curtha in oiriúint againn cheana féin i réimsí ar leith chun an IS a chur san áireamh, agus tá muid sásta tuilleadh athruithe a dhéanamh mar is cuí - ag brath ar fhoirmeacha IS nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn, athruithe sa thimpeallacht rialála, na ceachtanna a fhoghlamaítear ó fheidhmeanna réadúla, agus chun bheith ag teacht leis na dea-chleachtais maidir leis an IS atá ag teacht chun cinn.

Is é seo a leanas an cur chuige atá glactha ag poistphoiblí i leith úsáid na IS faoi láthair:

- Níl cead ag iarrthóirí an IS a úsáid i gcéimeanna measúnaithe agus agallaimh ár gcomórtas earcaíochta, le linn ár scrúduithe ná ár n-agallamh.
- Tá cead tugtha againn d'iarrthóirí roimhe seo an IS a úsáid chun cabhrú leo a bhfoirmeacha iarratais a chomhlíonadh ag an gcéim iarratais le haghaidh comórtais earcaíochta ar leith. Cé nach gcuirtear cosc ar iarrthóirí an IS a úsáid ag an gcéim iarratais, is faoi iarrthóirí atá sé a gcuid taithí agus scileanna a léiriú ar bhealach macánta agus cuí. Má úsáideann iarrthóirí an IS ar bhealach míchuí ag an gcéim iarratais, is féidir nach gcuirfear ar ghearrliosta iad nó nach gcuirfear ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile iad sa chomórtas earcaíochta sin. Déanann muid monatóireacht chúramach ar úsáid IS na n-iarrthóirí, agus má úsáideann iarrthóirí an IS chun foirmeacha iarratais a chomhlíonadh, ní mór ábhar na bhfoirmeacha iarratais a bheith macánta, cruinn.
- Foilsíonn muid Leabhrán Eolais le haghaidh gach comórtas earcaíochta a reáchtálann muid. Sonrófar sa leabhrán seo agus in ábhar eolais eile a chuirtear ar fáil ag gach céim den chomórtas earcaíochta má tá cead ag iarrthóirí an IS a úsáid i rith an chomórtais agus, má thugtar, cé na codanna den phróiseas earcaíochta inar ceadmhach í a úsáid. Is ceadmhach an IS a úsáid do roinnt gnéithe taighde dár gcomórtais mar shampla. Tá sé tábhachtach go léann iarrthóirí an leabhrán agus aon ábhar eolais eile a chuirtear ar fáil go cúramach ionas go mbeidh a fhios acu má tá cead acu an IS a úsáid i gcomórtas, agus go dtuigfidh siad na socruithe ar leith a mbaineann leis sin.
- Tá Comhaontú Ionracais d'iarrthóirí i ngach Leabhrán Eolais do gach comórtas earcaíochta a reáchtálann muid. Nuair a chuireann iarrthóirí iarratas isteach

ar chomórtas, glacann siad leis an gComhaontú Ionracais ar leith atá sa leabhrán, agus is féidir go mbainfear iarrthóirí ón gcomórtas má sháraítear é.

Is féidir aon cheisteanna faoin gcur chuige atá ag poistphoiblí i leith úsáid na IS ag iarrthóirí a chur chuiginfo@publicjobs.ie nó chuig 01 858 7400.